II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2018/181 ÓN GCOIMISIÚN

**an 18 Deireadh Fómhair 2017**

**lena leasófar Iarscríbhinn IIIb a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 an 27 Meitheamh 2005 ón gComhairle maidir le trádáil in earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis, le haghaidh céastóireachta nó le haghaidh íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7b agus Airteagal 7e de Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 is gá údarú i leith aon onnmhairiú d'earraí áirithe a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh phionós an bháis agus seirbhísí bróicéireachta nó cúnamh teicniúil a bhaineann leis na hearraí sin, a liostaítear in Iarscríbhinn IIIa a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Tá feidhm ag an Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin ón Aontas, a leagtar amach in Iarscríbhinn IIIb a ghabhann leis an Rialachán sin, maidir le honnmhairithe chuig tíortha a bhfuil pionós an bháis díothaithe acu i gcás gach coire agus an díothú sin deimhnithe trí ghealltanas idirnáisiúnta, má chomhlíontar na coinníollacha agus na ceanglais maidir le húsáid an údaraithe sin. I gCuid 2 de, liostaítear na tíortha ábhartha.

(3) Maidir le tíortha nach baill de Chomhairle na hEorpa iad, áirítear ar an liosta sin na tíortha sin ní hamháin a bhfuil pionós an bháis díothaithe acu i gcás gach coire ach a bhfuil an Dara Prótacal roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla daingnithe acu freisin gan forchoimeádas a dhéanamh.

(4) Tar éis dóibh an Prótacal sin a dhaingniú gan forchoimeádas a dhéanamh, comhlíonann an Phoblacht Dhoiminiceach, São Tomé agus Príncipe, agus Tóga na coinníollacha maidir le bheith áirithe ar an liosta sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005 a leasú dá réir sin.

(6) Chun ualach riaracháin míchuí ar onnmhaireoirí agus údaráis inniúla a sheachaint, ba cheart na honnmhaireoirí a bheith in ann brath ar an Údarú Ginearálta Onnmhairiúcháin leasaithe ón Aontas chomh luath agus is féidir. Dá bharr sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Iarscríbhinn IIIb a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1236/2005, leasaítear an liosta i gCuid 2 — Cinn scríbe mar a leanas:

(1) i ndiaidh Paragua, cuirtear isteach an iontráil "An Phoblacht Dhoiminiceach";

(2) i ndiaidh San Mairíne, cuirtear isteach an iontráil "São Tomé agus Príncipe";

(3) i ndiaidh Tíomór Thoir, cuirtear isteach an iontráil "Tóga".

---

([1]) IO L 200, 30.7.2005, lch. 1.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Deireadh Fómhair 2017.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Jean-Claude JUNCKER